AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0057/2017

Chuig

BOARD BHAINISTÍOCHTA AGUS PRÍOMHOIDÍ IARBHUNSCOILEANNA AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA mBORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Clár Vacsaínithe Iarbhunscoile FSS 2017/2018

D'iarr Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar an Roinn Oideachais agus Scileanna an litir faoi iamh *(Cliceáil anseo chun litir FSS a léamh)* agus *Sceideal beartaithe le haghaidh Chlár Vacsaínithe FSS sna Meánscoileanna* a scaipeadh ar Phríomhoidí scoileanna aitheanta chun scoileanna a chur ar an eolas faoi chlár vacsaínithe scoile FSS don scoilbhliain 2017/2018. Iniata chomh maith tá bileog eolais ar vacsaíní HPV agus ailse cheirbheacs.

Feic freisin le do thoil an *meamram faoi ról riaracháin agus freagrachtaí an FSS maidir leis an gclár imdhíonta scoile 2017/2018*.

Aithníonn an tAire Oideachais agus Scileanna an tacaíocht leanúnach a fhaightear ó bhainistíocht scoileanna chun fadhbanna sláinte poiblí a chosc agus plé leo.

D'iarr FSS ar an Roinn Oideachais agus Scileanna cur i gcuimhne do na scoileanna maidir lena threoirlínte um Ghalar Tógálach a Bhainistiú i Scoileanna (*"Management of Infectious Disease in Schools"*). Tá an nasc chuig an bhfoilseachán seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag Éigeandálaí Náisiúnta / Sláinte Poiblí. Dearadh na treoirlínte seo ar an gcéad dul síos le húsáid ag múinteoirí agus tá sé d'aidhm acu feasacht a ardú faoi ghalair tógálacha atá coitianta agus tábhachtach. Tugann siad treoir freisin maidir le galair tógálacha a chosc agus a bhainistiú i scoileanna.

Tá tuilleadh eolais faoi na vacsaínithe atá sa chlár vacsaínithe scoile 2017/2018 ar fáil ag www.immunisation.ie. Tá foilseachán FSS maidir le Galar Tógálach a Bhainistiú i Scoileanna (*"Bainistiú ar Ghalair Ionfhabhtaíocha i Scoileanna"*) ar fáil ar Shuíomh Gréasáin um Fhaire um Chosaint Sláinte www.hpsc.ie.

TOM DEEGAN
PRÍOMHOIFIGEACH
Meán Fómhair, 2017